

Ionsaí sa Regency

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ionsaí in óstán i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin scéal leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- Republican dissenters
- shooting attack
- drug dealers
- criminals
- the Minister for Justice and Equality
- representation
- enough resources
- with this type of criminality
- investigation
- Emergency Response Unit
- in the course of preparation/in hand

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna seo:

1. Cé atá freagrach as an ionsaí Dé hAoine seo caite agus cén fáth a ndearna siad an t-ionsaí?
2. Cad a dúirt an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar sháirsintí agus ar chigirí na nGardaí faoin gcás?
3. Cad a bhí le rá ag Pearse Doherty sa mhír?
4. Cad atá á dhéanamh ag na Gardaí faoin scéal anois?

Ceist 4 ‘...go dtabharfaidh...’ agus ‘...go n-osclóidh...’

1. Cén aimsir atá i gceist leis na samplaí thuas?
2. Líon isteach na bearnaí sa tábla ar an gcéad leathanach eile. Is iad na briathra mírialta atá i gceist, san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach.

VIFAX 09 Feabhra 2016
Ardleibhéal

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
Abair	An ndéarfaidh tú...?	
Beir		An mbéarfá...?
Bí	An mbeidh sé...?	
Clois		An gcloisfeadh sí...?
Déan	An ndéanfaidh siad...?	
Faigh		An bhfaigheadh sí...?
Feic	An bhfeicfidh siad...?	
Ith		An íosfaidís...?
Tabhair	An dtabharfaidh tú...?	
Tar		An dtiocfadh sé...?
Téigh	An rachaidh sí...?	

3. Scríobh amach na freagraí dearfacha agus diúltacha anois ar na ceisteanna thuas.
4. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá aige/aici don deireadh seachtaine amach romhainn.

Ceist 5

Féach ar na nithe seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An féidir leat cúis an tséimhithe a mhíniú?

- ar mhangairí drugaí
- dúnmharú
- de chuid
- trí mhíle
- gur tháinig

Ceist 6

Cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

tabhair faoi
idir an dá linn
ar dualgas
ar d'airdeall

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

- Republican dissenters – *easaontóirí poblachtacha*
- shooting attack – *ionsaí lámhaigh*
- drug dealers – *mangairí drugaí*
- criminals – *coirpigh*
- the Minister for Justice and Equality – *an tAire Dlí agus Cirt*
- representation – *ionadaíocht*
- enough resources – *dóthain acmhainní*
- with this type of criminality – *leis an gcineál seo coiriúlachta*
- investigation – *fiosrúchán*
- Emergency Response Unit – *Aonad Práinnfhreagartha*
- in the course of preparation/in hand – *ar na bacáin*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
Abair	An ndéarfaidh tú...? Déarfaidh. / Ní déarfaidh.	An ndéarfá...? Déarfainn. / Ní déarfainn. nó Déarfadh. / Ní déarfadh.*
Beir	An mbéarfaidh tú...? Béarfaidh. / Ní bhéarfaidh.	An mbéarfá...? Bhéarfainn. / Ní bhéarfainn. nó Bhéarfadh. / Ní bhéarfadh.
Bí	An mbeidh sé...? Beidh. / Ní bheidh.	An mbeadh sé...? Bheadh. / Ní bheadh.
Clois	An gcloisfidh sí...? Cloisfidh. / Ní chloisfidh.	An gcloisfeadh sí...? Chloisfeadh. / Ní chloisfeadh.
Déan	An ndéanfaidh siad...? Déanfaidh. / Ní dhéanfaidh.	An ndéanfaidís...? Dhéanfaidh. / Ní dhéanfaidh.
Faigh	An bhfaighidh sí...? Gheobhaidh. / Ní bhfaighidh.	An bhfaigheadh sí...? Gheobhadh. / Ní bhfaigheadh.
Feic	An bhfeicfidh siad...? Feicfidh. / Ní fheicfidh.	An bhfeicfidís...? D'fheicfeadh. / Ní fheicfeadh.
Ith	An íosfaidh siad...? Íosfaidh. / Ní íosfaidh.	An íosfaidís...? D'íosfadh. / Ní íosfadh.
Tabhair	An dtabharfaidh tú...? Tabharfaidh. / Ní thabharfaidh.	An dtabharfá...? Thabharfainn. / Ní thabharfainn. nó Thabharfadh. / Ní thabharfadh.
Tar	An dtiocfaidh sé...? Tiocfaidh. / Ní thiocfaidh.	An dtiocfadh sé...? Thiocfadh. / Ní thiocfadh.
Téigh	An rachaidh sí...? Rachaidh. / Ní rachaidh.	An rachadh sí? Rachadh. / Ní rachadh.

* Seachas sa chéad phearsa uatha, níor cheart forainm (**sé, sí,** etc.) a úsáid agus freagra dearfach nó diúltach á thabhairt ar cheist sa mhodh coinníollach. Tá rogha ann sa chéad phearsa uatha an fhoirm tháite a úsáid (e.g. Déarfainn.) nó an briathar lom (e.g. Déarfadh.) An chéad rogha sin an ceann is coitianta, ach tá an dara rogha ceart freisin.

Ceist 5

ar mhangairí drugaí: Leanann séimhiú **ar** más ionad áirithe atá ann.

dúnmharú: Cuirtear séimhiú ar an dara mír de chomhfhocal nuair a thosaíonn an focal sin le consan, agus nuair nach dtagann na litreacha **d, n, t, l, s** le chéile ag an nascphointe (e.g. sean**nb**hean ach seand**nd**uine)

de chuid: Séimhítear ainmfhocail tar éis **de**.

trí mhíle: Séimhítear ainmfhocail a thosaíonn le consan tar éis na n-uimhreacha 2-6.

gur tháinig: Séimhítear briathra san aimsir chaite tar éis **gur**.

Ceist 6

tabhair faoi – attempt, undertake, set about

idir an dá linn – in the meantime

ar dualgas – on duty

bí ar d'airdeall – to be on the look out

Máire T. Ní Mhadaoin

Tá sé ráite ag easaontóirí poblachtacha gurb iadsan a thug faoi ionsaí lámhaigh in óstán i mBaile Átha Cliath Dé hAoine seo caite. Maraíodh David Byrne, a bhí trí bliana déag is fiche, agus gortaíodh beirt eile san ionsaí. Deir an tIRA Leanúnach¹ go bhfuil sé i gceist acu tuilleadh ionsaithe a dhéanamh ar mhangairí drugaí agus ar choirpigh, a deir siad.

Máire Treasa Ní Cheallaigh

Tráthnóna Dé hAoine seo caite a caitheadh agus a maraíodh David Byrne, a bhí tríocha trí bliain² d'aois, le linn dó a bheith ag freastal ar ócáid dornálaíochta³, in óstán an Regency i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí thart ar 300 duine san óstán ag an am, gasúir ina measc.

Inniu, dúirt an tIRA⁴ Leanúnach leis an *BBC* gur maraíodh David Byrne mar gheall ar go raibh baint aigesean le dúnmharú Alan Ryan, ceannaire de chuid an Fhíor-IRA, i mBaile Átha Cliath, ceithre bliana ó shin. Dúradh, chomh maith, go raibh údarás tugtha d'aonaid eile de chuid an IRA Leanúnaigh le tuilleadh ionsaithe a dhéanamh. Idir an dá linn, tá cosaint déanta ag an Aire Dlí agus Cirt ar an gcaoi a ndearna na Gardaí láimhseáil ar an ionsaí. Ach tá sé ráite ag an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar sháirsintí agus ar chigirí Gardaí nach raibh dóthain acmhainní ag na Gardaí le dul i ngleic leis an gcineál seo coiriúlachta.

Pearse Doherty, Uirlabhraí Airgeadais Shinn Féin

Ó thaobh na tragóide millteanaí⁵ a tharla ag an deireadh seachtaine, tá Sinn Féin iontach, iontach soiléir go gcaithfidh muid fórsa na nGardaí a láidriú. Chaill muid trí mhíle Garda le téarma an rialtais seo le cúig bliana anuas agus tá Sinn Féin ag geallúint⁶ go dtabharfaidh muidne an fórsa sin ar ais go dtí ceithre mhíle dhéag, dhá chéad caoga Garda – is é sin trí mhíle Garda sa bhreis – agus go n-osclóidh muid na stáisiúin Gardaí a dúnadh⁷.

Maidir leis an bhfiosrúchán, measann na Gardaí gur tháinig beirt ar a laghad den seisear a rinne an t-ionsaí ó thar lear. Tá siad i mbun fiosruithe, chomh maith, faoi ráiteas an lae inniu, ach is cosúil go bhfuil beagáinín amhrais fós orthu faoi. Tá Gardaí armtha⁸ ón Aonad Práinnfhreagartha ar dualgas ag pointí seiceála sa gcathair⁹ inniu. Tuigtear go bhfuil na Gardaí ar a n-airdeall agus imní ann go mbeidh tuilleadh ionsaithe ar na bacáin.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

¹ *IRA Leanúnachais* an leagan a mholtar ar IATE

² *trí bliana is tríocha* an leagan caighdeánach

³ *ócáid dhornálaíochta* a deirtear

⁴ *an IRA* a deirtear

⁵ *an tragóid mhillteanach* a deirtear

⁶ *gealladh* an leagan caighdeánach

⁷ *a dhúnadh* a deirtear

⁸ *armáilte* an leagan caighdeánach

⁹ *Córas Chonnacht*